







SuperValu

# Bailte Slachtmhara

*Cúram a Dhéanamh den Chomhshaol*



## Eolas Ginearálta















Tacú leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe

# Lámhleabhar

Brought to you by the Department of Rural and Community Development and the Gaeltacht
Tugtha chugaibh ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus an Gaeltachta

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

SuperValu

## Réamhrá

Fáilte go Lámhleabhar Chomórtas na mBailte Slachtmhara Sa rannóg tosaigh, gheobhaidh sibh tuiscint níos fearr ar chúlra an chomórtais, bealaí le grúpa na mBailte Slachtmhara a chur ar bun in bhur gceantar agus treoir faoi iarratas a dhéanamh ar an gcomórtas. Déantar moltóireacht ar an gcomórtas bunaithe ar ocht gcatagóir ar fad. Chomh maith leis an gcuid seo den lámhleabhar, tá rannóg faoi leith do gach ceann de na catagóirí sin.

Tá na rannóga áirithe seo curtha le chéile ag aonad na mBailte Slachtmhara sa Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta agus fuarthas eolas chomh maith ón bpainéal náisiúnta moltóirí ar Chomórtas na mBailte Slachtmhara. Moltar daoibh gan aon rannóg a léamh gan féachaint ar na rannóga eile. Tá an tírdhreachadh tábhachtach nuair a bhíonn moltóireacht le déanamh ar chatagóirí eile, cuir i gcás: Sráid-dreacha agus Áiteanna Poiblí, Sráideanna Cónaithe agus Limistéir Thithíochta, agus Bóithre Isteach, Sráideanna agus Lánaí. Ar an dóigh chéanna, breathnófar ar an Slacht agus Rialú Bruscair i réimse catagóirí. Mholfaimis daoibh, mar sin, breathnú ar na catagóirí ar fad, is cuma cén tionscadal nó tionscnamh a bheidh i gceist.

Tá sé ina chuspóir i sraith iomlán na lámhleabhar bonn eolais a chur faoi ghníomhaíochtaí oibre ar bhealaí úrnua ina léireofar meas ar an timpeallacht. Beidh an lámhleabhar úsáideach chomh maith do gach grúpa pobail agus deonach a bhíonn ag obair lena gceantar féin a bhainistiú agus a fheabhsú agus ar mian leo leas a bhaint as clár fairsing comhshaoil na mBailte Slachtmhara mar áis ina gcuid iarrachtaí.

## Cúlra an Chomórtais

Tá comórtas SuperValu na mBailte Slachtmhara neadaithe in áit faoi leith i gcultúr na hÉireann. Cuireadh an comórtas ar bun thiar sa bhliain 1958. Tá sé ar an tionscnamh comhshaoil inbhuanaithe is mó cáil in Éirinn anois. Sa chéad bhliain a reáchtáladh an comórtas, fuarthas 52 iontráil, agus tá fás tagtha air bliain i ndiaidh bliana ó shin. An líon is mó iontrálacha a fuarthas le cúpla bliain anuas ná 924 iontráil.

Ó cuireadh tús leis, tá comórtas na mBailte Slachtmhara dírithe go príomha ar phobail a spreagadh lena dtimpeallacht a fheabhsú lena gceantar féin a fhorbairt mar áit chónaithe, oibre agus chuartaíochta. Cothaíonn iarrachtaí mar sin ómós agus mórtas áite dóibh siúd atá ag cur fúthu ann. Bíonn grúpaí de chuid na mBailte Slachtmhara ar fud na hÉireann ag cur lena bpobail ar bhealaí praiticiúla cruthaitheacha lena mbailte móra agus a sráidbhailte a fheabhsú.

Tá an comórtas á riar ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, agus Gaeltachta, agus tá SuperValu ag déanamh urraíochta air ó bhí 1991 ann. Tá an comórtas leagtha amach de réir ocht gcatagóir. Bíonn deis ag an Moltóir breathnú ar thionscadail nó tionscnaimh a bhfuil an grúpa tar éis tabhairt fúthu i mbliain an chomórtais. Bíonn bliain an chomórtais ann go hiondúil ón 1 Meitheamh go dtí an 31 Bealtaine an bhliain dár gcionn.

Le hiarratas a dhéanamh ar an gcomórtas, mar iontrálaí, teastaíonn grúpa thar ceann baile mór, sráidbhaile, oileáin nó ceantar neamhspleách (”baile”), agus ba chóir go mbeadh an grúpa sin ag obair nach mór thar ceann na ndreamanna ar fad atá ag cur fúthu nó ag obair sa cheantar.

**Féachaigí an bhileog scórála, áit a dtugtar na marcanna don chatagóir seo.**

**Le tabhairt faoi deara:** Cuirtear i gcuimhne do ghrúpaí agus oibrithe deonacha na mBailte Slachtmhara gur gá tús áite a thabhairt i dtólamh dá sábháilteacht agus leas. Moltar do ghrúpaí na mBailte Slachtmhara comhairle a iarraidh ar an nGarda Síochána sula dtugtar faoi thionscadail ar an mbóthar, cois bóthair nó ar imeall bóthair, é sin ar mhaithe le sábháilteacht oibrithe deonacha.

## Ar aghaidh linn

Tá an rannóg seo den Lámhleabhar leagtha amach de réir gníomhaíochtaí. Tá eolas breise ann maidir le Grúpa Bailte Slachtmhara a chur ar bun agus a riar, foirm iontrála a líonadh amach agus léarscáil den cheantar a chur isteach, chomh maith le samplaí den dea-chleachtas ó thaobh riaracháin de ar chóir é a chur i bhfeidhm in bhur ngrúpa.

Seo na topaicí a bheidh ann:

- **Grúpa do Chomórtas na mBailte Slachtmhara a chur ar bun**
- **Struchtúr bhur ngrúpa**
- **Cruinnithe agus Sealbhóirí Ról**
- **An grúpa agus an pobal i gcoitinne**
- **Forbairt an líonra i gcomhar le grúpaí eile i gcomórtas na mBailte Slachtmhara**
- **Líonraí Rannpháirtíochta Pobail**
- **Cúrsaí Airgeadais**
- **Árachas**
- **Na Meáin Shóisialta**
- **Iarratas a dhéanamh ar an gcomórtas**
- **An fhoirm iontrála a líonadh amach**
- **Na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe**
- **Plean faoi Chomórtas na mBailte Slachtmhara**
- **Léarscáil na mBailte Slachtmhara**
- **Gradaim Speisialta**
- **An Spriocdháta don Chomórtas**
- **Aonad agus Suíomh Gréasáin na mBailte Slachtmhara**

## GRÚPA DO CHOMÓRTAS NA mBAILTE SLACHTMHARA A CHUR AR BUN

Is iad na Grúpaí is éifeachtaí a bhíonn ann ná na grúpaí is leithne ó thaobh ionadaíochta de ó réimsí éagsúla den phobal - muintir na háite, gnólachtaí agus comhlachtaí poiblí.
Mianaidhm atá ag comórtas na mBailte Slachtmhara ná go mbeidh Grúpaí fairsinge mar sin ann. Ní riachtanas atá ann, áfach, ó thaobh páirt a ghlacadh sa chomórtas de. Is féidir clár na mBailte Slachtmhara é féin a úsáid le suim a mhúscailt sa cheantar agus ansin struchtúir a fhorbairt mar Ghrúpa de réir a chéile.

An rud is tábhachtaí ná tús a chur leis an obair. Uaireanta, ní bhíonn ann ar dtús ach foghrúpa de chuid comhlacht atá ann cheana féin, nó grúpa daoine a bhfuil suim acu san áit nó imní orthu faoin gceantar ag teacht le chéile agus an cuspóir céanna acu, is é sin an ceantar seo acu a fheabhsú.

Tá sé le feiceáil ar fud na tíre, i mbailte móra, sráidbhailte agus comharsanachtaí beaga agus móra, gur féidir an muintearas i bpobal, caighdeán maireachtála daoine agus timpeallacht na háite a fheabhsú go mór de bharr gníomhartha a dhéanann grúpa áitiúil atá páirteach i gcomórtas na mBailte Slachtmhara.

Gné ríthábhachtach den athnuachan eacnamaíoch atá san fheabhsú ó thaobh an chomhshaoil de. Má bhíonn cuma mhaith ar áit, tá seans níos fearr ann go mbeidh an áit sin faoi bhláth agus gur áit dheas a bheidh ann le dul a chónaí ann. Má thugtar faoin bhfeabhsú ó thaobh an chomhshaoil de, féadfaidh an méid sin fostaíocht a chothú agus a chruthú, luachanna réadmhaoine a ardú agus an geilleagar áitiúil a spreagadh.

Féadfaidh grúpa i gcomórtas na mBailte Slachtmhara eolas, smaointe agus ceachtanna atá foghlamtha acu a chraobhscaoileadh. Is féidir leo an t-ualach oibre a bhainistiú le chéile ionas nach mbeidh gach rud le déanamh ag duine nó beirt. Beidh níos mó measa ar ghrúpa ná mar a bheadh ar aon duine amháin nó cúpla duine ag gníomhú as a stuaim féin. Bíonn grúpaí in ann dul i dteagmháil le heagraíochtaí eile agus an méid atá foghlamtha acu a scaipeadh.

### Cruinniú Eolais a eagrú

Más mian libh fáil amach an mbeadh suim ag muintir na háite grúpa a chur ar bun do chomórtas na mBailte Slachtmhara, bealach maith leis sin a thionscain ná cruinniú eolais a eagrú. Leis sin a dhéanamh, d'fhéadfadh sibh labhairt le cairde de bhur gcuid nó daoine de bhunadh na háite a bhfuil aithne agaibh orthu agus a mbeadh dúil acu cuidiú libh an grúpa a chur ar bun. Agus na daoine sin ar

bord, beidh sibh in ann cruinniú eolais a eagrú.

## Seo cúpla rud le cur san áireamh:

- Áit - cá mbeidh an cruinniú?
- Clár - cé na topaicí cainte a bheidh agaibh? Is tábhachtach smaoineamh faoin struchtúr.
- Cuirí agus fógraíocht – cé acu modhanna a bheidh agaibh le daoine a chur ar an eolas faoin gcruinniú? Bileoga, fógraí ar na meáin shóisialta, mar shampla.
- An cruinniú a reáchtáil – is féidir cur síos mar seo a úsáid agus an cruinniú á fhógairt: 'An suim leat grúpa a chur ar bun do chomórtas na mBailte Slachtmhara/páirt a ghlacadh i ngrúpa mar sin?' Ná tugaigí aon ghealltanas docht go dtí go mbeidh a fhios agaibh go bhfuil suim ag neart daoine ann.

## Grúpa oibre a chur le chéile

Nuair a bheidh grúpaí daoine agaibh agus suim acu san obair, beidh oraibh smaoineamh ar an gcineál grúpa i gcomórtas na mBailte Slachtmhara is fearr a bheidh in ann freastal ar riachtanais bhur gceantair.

Bíonn grúpaí seanbhunaithe i gcomórtas na mBailte Slachtmhara thar a bheith maith ó thaobh líonraí a fhorbairt de. Mar sin de, ba chóir dóibh dul i dteagmháil leis an ngrúpa is cóngaraí daoibh i dtaca le grúpa nua a chur ar bun in bhur gceantarsa. Seans go mbeidh siadsan in ann eolas fiúntach a thabhairt daoibh. In ainneoin gur comórtas atá ann, tá an-líonra tacaíochta ann i measc mhuintir na mBailte Slachtmhara.

Tá beagnach 1,000 grúpa cláraithe mar chuid de na Bailte Slachtmhara in Éirinn. Gheobhaidh sibh grúpa gar daoibh, mar sin. Ba chóir an suíomh gréasáin www.tidytowns.ie a sheiceáil le tuilleadh eolais a fháil. Is fiú bualadh le dreamanna eile atá tar éis dul ar an aistear céanna a bhfuil sibhse ina thús le heolas a fháil agus le constaicí áirithe ar an tslí a sheachaint.

Déanaigí iarracht más féidir baill a mhealladh le bheith páirteach ann ó dhreamanna éagsúla den phobal, daoine ó chúlraí éagsúla agus in aoisghrúpaí difriúla. Ba chóir iarracht a dhéanamh gach bliain baill/oibrithe nua a mhealladh isteach sa ghrúpa. Fágfaidh sé sin nach mbeifear ag brath ar na daoine céanna gníomhaíochtaí a spreagadh an t-am ar fad. Cuirfidh sé beocht úr isteach sa ghrúpa ó thaobh fhuinneamh agus dhíograis na rannpháirtithe de. Beidh deis ann chomh maith réimse níos leathan daoine a fháil don ghrúpa. Beidh scileanna nó buanna ag gach duine sa phobal chun cur leis an ngrúpa. Seans go mbeidh scil ag duine sa teicneolaíocht faisnéise, b'fhéidir go mbeadh duine in ann cuidiú leis na meáin shóisialta. Bheadh duine ealaíonta in ann cuidiú leis an léarscáil, b'fhéidir.

## Ba chóir bunrudaí tábhachtacha a shocrú mar chuid den chéad chruinniú, nithe mar seo, mar shampla:

- An dteastaíonn grúpa nua? An bhfuil aon ghrúpaí ann faoi láthair ina mbeadh na daoine in ann a gcuid aidhmeanna a bhaint amach?
- An bhfuil an grúpa chun tabhairt faoi aon tionscadal soiléir amháin nó an mbeadh meascán de chuspóirí difriúla le comhlíonadh acu?
- An bhfuil sé i gceist ag an ngrúpa an obair a chur i gcrích taobh istigh de thréimhse theoranta (mar shampla, feachtas gairid) nó an dócha go mairfidh an obair tamall fada?
- An bhfuil na daoine sa chruinniú ar aon intinn faoi chuspóir an ghrúpa agus sásta saothrú le chéile leis an ngrúpa a chur ar bun?

Is tábhachtach sa chruinniú na príomhchuspóirí a phlé agus a shocrú ón tús. Beidh gach duine ag obair as lámha a chéile ansin dá réir.

## Cén sórt grúpa a mbíonn rath air?

- Grúpa a bhíonn soiléir agus réadúil ó thaobh spriocanna agus cuspóirí de.
- Grúpa a dhéanann obair foirne le daoine úra nó daoine seanbhunaithe sa phobal.
- Grúpa a fhaigheann acmhainní chun aidhmeanna agus cuspóirí an ghrúpa a bhaint amach.
- Grúpa a thuigeann freagrachtaí dlí agus eile.
- Má bhíonn grúpa deonach nó pobail ann, beidh an struchtúr cuí ann leis na cineálacha seo gníomhaíochtaí a dhéanamh.
- Is é is grúpa deonach ann grúpa a riartar a bhonn neamhbhrabúsach.
- Bíonn grúpa deonach ann le buntáistí eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil a bhaint amach don phobal

## STRUCHTÚR AN GHRÚPA

Ba chóir an cás a mheas ar chéim luath an mbeidh struchtúir fhoirmiúla ag teastáil, ar chúiseanna dlí go háirithe. Bíonn trí chineál de struchtúr eagraíochta ann go hiondúil.

**Struchtúr ad hoc** – bíonn neart grúpaí beaga ann a bhíonn sásta go leor ar dtús socruithe neamhfhoirmiúla a bheith acu ina ndéantar na gníomhaíochtaí a shocrú i comhar le chéile i gcultúr cairdiúil. Beidh a leithéid oiriúnach sna céimeanna luatha den obair, b'fhéidir. De réir mar a éireoidh níos fearr leis an ngrúpa infheistíocht a mhealladh agus suim daoine a mhúscailt, seans nach leor an struchtúr ad hoc le cosaint dlí a thabhairt do na baill ann. Seans nach mbeidh trédhearcacht ann ar an leibhéal lena mbeadh cuid mhaith den phobal ag dúil. I struchtúr mar seo, mar sin, d'fhéadfadh sé nach mbeifí in ann leibhéal ard tacaíochta a mhealladh ó chomhlachtaí poiblí nó corparáideacha san fhadtéarma.

**Struchtúr Bunreachtúil** – bíonn bunreacht gairid scríofa ann, é comhaontaithe ag gach ball den ghrúpa i gcruinniú ginearálta ina leagtar amach cuspóirí an grúpa, róil na mball agus an tslí ina ndéanfar na cuntais a riar. Tabharfaidh sé sin isteach leibhéal níos airde den trédhearcacht agus cuntasacht. Beidh an struchtúr seo in ann cosaint áirithe a thabhairt do dhaoine ina mbeidh siad in ann a léiriú go mbíonn siad ag gníomhú de réir cuspóir comhchoiteann. Seo an rogha a dhéanann a lán cumainn phobail. D'fhéadfadh sé go mbeadh sé sásúil mar struchtúr chun deontais a tharraingt anuas chomh maith le cineálacha eile de mhaoiniú agus tacaíocht phoiblí.

**Struchtúr na Cuideachta** – má dhéantar cuideachta faoi theorainn ráthaíochta a chruthú, is é sin an cineál is iontaofa struchtúir atá ann. Leis an struchtúr seo, cruthaítear eintiteas dlí don ghrúpa, struchtúr atá níos mó ná na daoine atá páirteach sa ghrúpa. Faoi struchtúr mar seo, tugtar gníomhaíochtaí an ghrúpa le chéile faoi rialuithe dlí agus bíonn ceanglas ann ó thaobh cuntais iniúchta de agus freagrachtaí stiúrthóireachta eile. Glacann an chuid is mó de charthanais in Éirinn leis an gcur chuige seo. Bíonn buntáistí cánach ann dá réir, uaireanta.

Ba chóir comhairle dlí a fháil faoi na roghanna seo agus roghanna eile ó thaobh oiriúnachta de.

## CRUINNITHE AGUS SEALBHÓIRÍ RÓL

An struchtúr a roghnófar, imreoidh sé sin tionchar ar an tslí a dtionólfar cruinnithe agus ar aon riachtanas ó thaobh oifigigh a cheapadh de.

- **Cathaoirleach/Leas-Chathaoirleach**
- **Rúnaí/Rúnaí Cúnta**
- **Cisteoir/Cisteoir Cúnta**
- **Oifigeach Caidrimh Phoiblí/Oifigeach Caidrimh Phoiblí Cúnta**
- **Oifigeach Teagmhála**

Gnáthnós imeachta é go mbeidh cathaoirleach ar ghrúpa, agus rúnaí agus cisteoir ann. Teastaíonn daoine sna róil seo. Féachfaidh cathaoirleach maith chuige go mbeidh deis ag na baill go léir a gcuid tuairimí a nochtadh i leith gach ní a phléitear. Ba chóir don ghrúpa plé a dhéanamh ar oifigeach teagmhála a cheapadh chun bheith ag obair leis na scoileanna, leis an údarás áitiúil agus le tacaíocht níos fairsinge a fháil ón bpobal.

Fiú más grúpa ad hoc é, ba chóir coiste bainistíochta a cheapadh agus freagrachtaí sonracha a thabhairt do bhaill ainmnithe. Mar aon leis na gnáthoifigigh atá luaite thuas, ar na freagrachtaí seo d'fhéadfaí dul i dteagmháil leis an Údarás Áitiúil agus le scoileanna áitiúla, tacaíocht a spreagadh i measc an phobail go ginearálta, airgead a bhailiú, tascfhórsaí a chur ar bun nó ábhair a fháil.

Agus aon ghrúpa nua á chur ar bun, ba chóir meon oscailte fáilteach a chothú le baill nua a mhealladh a thabharfaidh tacaíocht i leith ghníomhaíochtaí an ghrúpa.

Gnéithe tábhachtacha de ról an ghrúpa ná litreacha a scríobh agus stocaireacht a dhéanamh. Má bhíonn a leithéid de dhíth

le tionscadal a thosú, ba chóir tabhairt fúthu láithreach. Má chuirtear fógraí buíochais a chur in iúl sna meáin áitiúla, bealach maith é sin le haitheantas a thabhairt don ionchur agus tacaíocht ó phátrúin agus urraitheoirí áitiúla.

An modh is iontaofa le cinntí a dhéanamh ná an comhdhearcadh. Má bhíonn deis ag gach duine labhairt agus má thagtar ar shocrú, bíonn seans níos fearr ann go ndéanfaidh gach duine a sciar féin den obair. Próiseas atá ann teacht ar chomhdhearcadh. Bíonn rannpháirtithe ag obair le chéile le teacht ar thoradh a rachaidh chun tairbhe do chách.

Ní féidir teacht ar chomhdhearcadh i dtólamh, áfach. Ba chóir, mar sin, socrú a dhéanamh faoina mbeidh tromlach simplí nó tromlach dhá thrian ag teastáil chun cinneadh a aontú.

B'fhéidir go mbeadh an grúpa ag iarraidh cruinnithe míosúla a reáchtáil i rith na bliana. Má bhíonn cruinnithe ann ar am rialta agus in áit rialta, bíonn sé níos fusa ag daoine cuimhneamh gur gá dóibh freastal orthu. Nós inmholta é go ginearálta dhá thréimhse a dhéanamh de bhliain na mBailte Slachtmhara, go háirithe má bhíonn grúpa istigh sa chomórtas agus ag iarraidh na moltaí ón moltóireacht a chur i bhfeidhm idir mí Mheithimh agus mí Mheán Fómhair.

Sna cruinnithe ó mhí an Mhárta go mí an Mheithimh, b'fhéidir go mbeifí dírithe ar ghníomhartha faoi leith. Sna cruinnithe ó Dheireadh Fómhair go mí Feabhra, b'fhéidir go mbeifí dírithe ar thaighde, pleanáil agus comhairliúchán i gcomhar le comhlachtaí eile agus ar an obair ar fad a rinneadh i gcaitheamh na bliana a thabhairt chun críche.

I gcruinniú éigin san fhómhar, má tharlaíonn go raibh an grúpa istigh sa chomórtas an bhliain sin, ba chóir breathnú siar ar an Tuarascáil ón Moltóir ar chomórtas na mBailte Slachtmhara agus an tuarascáil sin a phlé. Is éard a bhíonn sa tuarascáil seo measúnú seachtrach ar obair an ghrúpa go dtí sin. Beidh comhairle ann faoi bhealaí forbartha do na blianta dá éis. Mar sin, treoir oibiachtúil úsáideach a bhíonn ann le gníomhaíochtaí an ghrúpa a phleanáil. Ba chóir tuarascáil an mholtóra a úsáid mar phreabchlár don liosta de rudaí a bheidh le déanamh don bhliain dár gcionn.

## AN GRÚPA AGUS AN POBAL I gCOITINNE

Tá an grúpa ann le hionadaíocht a dhéanamh thar ceann phobal na háite. Leagaigí amach na socruithe le heolas a thuairisciú don phobal. Bígí cinnte go mbeidh na socruithe sin soiléir agus go ndéanfar iad a aontú.

Ba chóir teagmháil a dhéanamh leis an Ionad Eolais do Shaoránaigh nó le hOifigeach Teagmhála Pobail an Údaráis Áitiúil
agus eolas a lorg faoi na heagraíochtaí poiblí atá ag obair in bhur gceantar, cuir i gcás grúpaí Clár LEADER nó grúpaí Comhpháirtíochta. Ba chóir cruinniú a shocrú le go bhfaighidh sibh amach an bhfuil bhur ngníomhaíochtaí ag teacht lena gcuspóirí agus an féidir libh leas a bhaint as na líonraí pobail atá acusan. Cuidiú a bheidh sa mhéid sin le bearta forbartha pobail a leagan amach chun fís choiteann a fhíorú don phobal. Má bhíonn seilbh ag pobal na háite ar bhur gcuid pleananna, beifear in ann daoine a ghríosú chun tacú libh in bhur n-iarrachtaí.

## FORBAIRT AN LÍONRA I gCOMHAR LE GRÚPAÍ EILE I gCOMÓRTAS NA mBAILTE SLACHTMHARA

Nós inmholta é líonra a chur ar bun i gcomhar le grúpaí eile sa chontae i gcomórtas na mBailte Slachtmhara. Bíonn líonra in ann taithí, smaointe agus saineolas a mhalartú ar a chéile, cuairteanna ar scéimeanna éifeachtacha a eagrú, agus tionscadail chomhpháirteacha agus bailiú airgid comhpháirteach a phleanáil.

## LÍONRAÍ RANNPHÁIRTÍOCHTA POBAIL

Ba chóir dul i dteagmháil leis an Líonra Rannpháirtíochta Pobail áitiúil. Seo líonra a ligeann d'Údaráis Áitiúla dul i dteagmháil le grúpaí pobail ina gcontae. Is é an Líonra Rannpháirtíochta Pobail tobar an eolais do gach údarás áitiúil a bheadh ag iarraidh leas a bhaint as saineolas pobail agus deonach sa limistéar.

Cláraíonn grúpaí pobail ar an Líonra Rannpháirtíochta Pobail i limistéar a n-údaráis áitiúil. Tugann Líonraí Rannpháirtíochta Pobail deis níos fearr do shaoránaigh a dtuairimí a nochtadh faoi chinntí rialtais áitiúil a théann i bhfeidhm ar a bpobail féin. Is fearr an daonlathas againn toisc go dtugaimid spás chun tuairimí agus leasanna éagsúla a chur san áireamh mar chuid de phróiseas cinnteoireachta an rialtais áitiúil.

Tá a shuíomh gréasáin féin ag gach Líonra Rannpháirtíochta Pobail. Eolas: **https://www.gov.ie/en/service/c7c11a-public-participation-networks-how-to-contact/**

## CÚRSAÍ AIRGEADAIS

Seans go mbeidh oraibh cuntas bainc nó cuntas comhair creidmheasa a oscailt don airgead a bheadh agaibh ó dheontais, bailiú airgid nó síntiúis agus, go luath is dócha, duaiseanna airgid na mBailte Slachtmhara. Molaimid go mbeadh beirt ar a laghad freagrach as an gcuntas seo le go mbeidh soiléireacht agus cuntasacht ann. Ba chóir cuntais a ullmhú agus a chur i láthair le linn cruinnithe ginearálta bliantúla. Seans go mbeidh na cuntais de dhíth chomh maith má bhítear ag cur isteach ar aon mhaoiniú deontais nó le seasmhacht airgeadais an ghrúpa a léiriú, nó le staid an ghrúpa le cistiú meaitseála a chur ar fáil a léiriú má theastaíonn a leithéid chun tacú le haon iarratas ar chúnamh deontais.

## ÁRACHAS

Is faoin ngrúpa féin an cinneadh a dhéanamh maidir le hárachas do choistí na mBailte Slachtmhara. Cé go molaimid
go láidir go mbeidh árachas ag grúpaí Bailte Slachtmhara, níl Aonad na mBailte Slachtmhara sa Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus na Gaeltachta in ann aon mholtaí a dhéanamh ina leith.

Ba chóir do Ghrúpaí na mBailte Slachtmhara dul i dteagmháil leis an údarás áitiúil. Tá scéim árachais pobail ar fáil do ghrúpaí deonacha pobail.

Cuirtear i gcuimhne do ghrúpaí agus oibrithe deonacha na mBailte Slachtmhara gur gá tús áite a thabhairt i dtólamh dá sábháilteacht agus leas. Moltar do ghrúpaí na mBailte Slachtmhara comhairle a iarraidh ar an nGarda Síochána nó aon údarás cuí eile sula dtugtar faoi thionscadail ar an mbóthar, cois bóthair nó ar imeall bóthair, é sin ar mhaithe le sábháilteacht oibrithe deonacha.

## NA MEÁIN SHÓISIALTA

Modh ar dóigh le bhur dteachtaireacht a chraobhscaoileadh ar an bpobal is ea na meáin shóisialta, modh atá ag fás ó bhliain go bliain. Bealach an-inbhuanaithe é chomh maith chun teagmháil a dhéanamh le bhur mbaill agus bhur n-oibrithe deonacha, bhur dteachtaireacht a scaipeadh agus feasacht a ardú ar bhealach an-éifeachtach ó thaobh costais de. Tá cineálacha éagsúla de na meáin shóisialta ar fáil

- **Facebook**
- **Twitter**
- **Instagram**
- **WhatsApp**

Molaimid gur chóir go mbeadh beirt ar a laghad freagrach as ábhar a chur in airde ar bhur gcuntais ar na meáin shóisialta agus as na cuntais a choinneáil ag obair, agus go mbeidh
na pasfhocail do na cuntais ag an mbeirt sin. B'fhearr gnás a shocrú faoi na fógraí a chuirfear in airde. I gcás freagraí nó nótaí, ba chóir go dtabharfaidís léargas ar thuairim an ghrúpa ar fad seachas tuairim aon duine amháin.

Tá aonad na mBailte Slachtmhara gníomhach ar Facebook agus ar Twitter. Mholfaimis d'aon ghrúpaí ar na suíomhanna sin muid a leanúint agus súil a choinneáil ar aon eolas a bheadh á scaipeadh againn. Tá naisc chuig ár leathanaigh ar na meáin shóisialta ar ár suíomh gréasáin ar an nasc seo:
**https://www.tidytowns.ie/ga/contact-us/**

## IARRATAS A DHÉANAMH AR CHOMÓRTAS SUPERVALU NA mBAILTE SLACHTMHARA

An cuspóir is mó ba chóir a bheith ag grúpa ná iarratas a dhéanamh ar chomórtas SuperValu na mBailte Slachtmhara. Beidh struchtúr an chomórtais agus measúnú leanúnach an chomórtais ina gcuidiú ag an ngrúpa le bhur gcuid oibre a leagan amach. Ardán a bheidh ann, chomh maith, le suim níos mó daoine sa phobal a mhúscailt agus le rannpháirtíocht a fhorbairt i dtionscnaimh áitiúla eile. Is é an riachtanas bunúsach iontrála atá ann an fhoirm iontrála a chur isteach. Tá an fhoirm ar fáil ar www. tidytowns.ie

Agus iarratas á dhéanamh agaibh ar an gcomórtas, ba chóir cóip de bhur bplean 3-5 bliana do na Bailte Slachtmhara a chur isteach leis an iarratas, mar aon le Léarscáil na mBailte Slachtmhara. Tugann an fhoirm iontrála deis thábhachtach don ghrúpa an dul chun cinn atá déanta ag an nGrúpa i gcaitheamh na bliana a shoiléiriú agus na pleananna agaibh a leagan amach. Cáipéis riachtanach don Mholtóir is ea an fhoirm iontrála. Leagtar amach uirthi faoi theidil na gcatagóirí an obair atá déanta sa tréimhse atá á meas.

## AN FHOIRM IONTRÁLA A LÍONADH AMACH

Tá an fhoirm iontrála leagtha amach ina rannóga sonracha. Cuirtear ceisteanna san fhoirm maidir leis an ngrúpa, an obair a dhéanann sibh agus an ceantar féin le léargas a thabhairt don Mholtóir ar an áit agus ar phobal na háite. Tá an fhoirm ceaptha leis an ngrúpa a chur ag smaoineamh faoina gcuid gníomhaíochtaí agus a chur ag pleanáil.

Ba chóir cúpla duine ón ngrúpa a chur i mbun an fhoirm iontrála a líonadh amach. Ba chóir na freagraí a phlé agus a shocrú ar dtús, ansin a leagan amach go soiléir don Mholtóir. Ba chóir smaoineamh ar chatagóirí éagsúla a dháileadh ar na baill bunaithe ar a dtaithí nó saineolas.

Tá tábhacht leis an tuiscint tosaigh, mar sin bígí cinnte go dtabharfaidh an fhoirm léargas maith ar bhur ngrúpa agus bhur mbaile mór. Bíodh freagraí gonta achoimre agaibh.
Cuirigí in iúl don Mholtóir an méid atá déanta agaibh, an chúis a bhí agaibh lena dhéanamh agus na torthaí atá tagtha as a ndearna sibh. Moltar naisc a chur isteach chuig físeáin, suíomhanna gréasáin nó na meáin shóisialta agus moltar grianghraif a chur isteach. Tá an-tábhacht ag baint leis na híomhánna roimh an obair agus i ndiaidh na hoibre. Tá sé tábhachtach don mholtóir breathnú ar an túsphointe. Ón méid sin, tuigfidh an moltóir na hiarrachtaí a bhí ann leis an toradh deiridh a bhaint amach.

An teideal atá ar an gcéad rannóg den fhoirm ná “Maidir Libhse”. Tá an chuid sin ann le heolas teagmhála a bhailiú faoi bhur ngrúpa. Teastaíonn an t-eolas seo le go mbeimidne in ann bhur gcuid sonraí a choinneáil ar an mbunachar sonraí atá againn. Tá ocht gcatagóir faoi leith ann ina dhiaidh sin. An chéad chatagóir ná “Pobal – bhur bPleanáil agus Ról”. Sa rannóg seo, breathnaítear ar bhaill bhur ngrúpa, an líon daoine atá ar an gcoiste, an líon oibrithe deonacha, eolas faoi na grúpaí a mbíonn sibh ag plé leo agus na modhanna a úsáideann sibh chun cumarsáid a dhéanamh le bhur n-oibrithe deonacha agus leis an bpobal.

Luaitear na catagóirí eile thuas. Iarrtar oraibh ansin aon tionscadail atá curtha i gcrích agaibh, bainistithe agaibh nó beartaithe agaibh a lua i ngach catagóir chuí. Tá tábhacht leis an eolas anseo. Ba chóir an Moltóir a chur ar an eolas faoin méid atá déanta agus faoin méid atá beartaithe agaibh.

Cuirfidh an moltóir suim sa réimse tionscadal a mbíonn sibh ag tabhairt fúthu. Déanfar meascán de chineálacha tionscadal a mheas agus a bhreithniú de réir mar a thiteann siad faoi theidil na gcatagóirí éagsúla. Is tábhachtach go mbeidh meascán cothrom de thionscadail bheaga agaibh i ngach ceann de na catagóirí seo. Déanfaidh an Moltóir an obair atá déanta agaibh a mheas mar aon leis an obair atá ar bun agaibh.

## NA SPRIOCANNA FORBARTHA INBHUANAITHE

I mí Mheán Fómhair 2015, ghlac 193 Ballstát de chuid na Náisiún Aontaithe le Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe, clár dar teideal "I mbun athraithe". I gcroílár an Chláir Oibre seo tá na 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SFIanna), spriocanna ina dtugtar léargas ar ghnéithe eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil den fhorbairt inbhuanaithe. I gcodanna éagsúla den fhoirm iontrála, feicfidh sibh nasc idir na spriocanna seo agus catagóirí éagsúla i gcomórtas na mBailte Slachtmhara.
Más cuí, tugaigí sonraí i ngach catagóir ina bhféachann na tionscadail nó tionscnaimh le tabhairt faoi cheann amháin de na spriocanna inbhuanaithe nó níos mó ná sin.




## PLEAN FAOI CHOMÓRTAS NA mBAILTE SLACHTMHARA

Mar bhunchloch faoi chlár na mBailte Slachtmhara, déanann Grúpaí plean a chur le chéile ina leagann siad amach a ngníomhartha agus spriocanna do na blianta atá le teacht. Bíonn éagsúlacht ann, ach de ghnáth plean trí bliana nó cúig bliana a bhíonn ann ag brath ar chomh mór is atá an ceantar agus ar chastacht na hoibre. Ba chóir léargas a thabhairt i bplean an Ghrúpa ar an méid is féidir a bhaint amach i gclár na mBailte Slachtmhara do bhaile mór, sráidbhaile nó limistéar uirbeach.

Is féidir leagan amach simplí a úsáid don phlean. Ba chóir tabhairt faoi taobh le suirbhé ar bhur gceantar. Ba chóir tagairt a dhéanamh sa phlean don mhéid is féidir nó is cóir a dhéanamh. Níl sa phlean ach plean. Mura n-éiríonn libh gnéithe den phlean a bhaint amach, ní ghearrfar pionós oraibh. Déanaigí cinnte an Moltóir a chur ar an eolas má bhíonn aon fhadhbanna ann a fhágann nach n-éiríonn libh dul chun cinn a dhéanamh ar thionscadal faoi leith.

Tá tuilleadh eolais maidir le bhur bplean a chur le chéile do chomórtas na mBailte Slachtmhara sa rannóg den lámhleabhar dar teideal "Pobal – bhur bPleanáil agus Ról".

## LÉARSCÁIL NA mBAILTE SLACHTMHARA

Is riachtanach go mbeidh léarscáil mhaith den bhaile mór nó den sráidbhaile istigh le bhur n-iarratas. Tá glacadh gan amhras le léarscáil lámhscríofa mura mbíonn teacht ar léarscáil fhoirmiúil phriontáilte nó mura mbíonn a leithéid oiriúnach.
Léarscáil inláimhsithe a theastaíonn, méid A4 nó A3 ag brath ar leagan amach bhur mbaile mhóir nó bhur sráidbhaile.
Bíodh gach sráid agus bóthar ar an léarscáil ainmnithe de réir mar is gá agus bíodh foirgnimh phoiblí agus séadchomharthaí marcáilte. Moltar gan léarscáil Google a úsáid mar gur minic an córas sin doiléir/míchruinn. Seans gur fearr Léarscáil Uirbeach (nó Tuaithe mar is cuí) 'Áite' de chuid Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann. Tá eochair eolais shoiléir ina cuid thábhachtach den léarscáil agus moltar daoibh eochair eolais a bheith ar bhileog na léarscáile féin.

Nuair a bheidh uimhreacha á gcur ar thionscadail, ba chóir uimhir a 1 a thabhairt ar bhur gcéad tionscadal faoi Sráid-Dreach agus Áiteanna Poiblí, agus ba chóir an tsraith uimhreacha sin a úsáid sna catagóirí ina dhiaidh sin. Déanaigí cinnte eochair eolais a chur isteach le bhur léarscáil ina dtabharfar bhur dtionscadail ar fad agus ina ndéanfar iad a aicmiú mar thionscadal nua (N), tionscadal cothabhála (C) nó tionscadail don am atá le teacht (T). Tá spás ar an bhfoirm iontrála do ghrúpaí ar mian leo léarscáil a tharraingt den bhaile mór nó sráidbhaile. Tá teimpléad sonrach le haghaidh graif ar fáil ar www.tidytowns.ie/ga chun cuidiú libh má bhíonn sibh ag cur isteach léarscáil lámhscríofa.

Tá seans ann nach raibh an Moltóir in bhur mbaile mór nó sráidbhaile riamh. Mar sin, níor chóir glacadh leis go mbeidh tuiscint ag an Moltóir ar eolas áitiúil agus an Fhoirm Iontrála a líonadh agus an Léarscáil á cur i gcrích agaibh. Tá sé ríthábhachtach go mbeidh an dá rud an-soiléir. B'fhéidir gur chóir bealach a phleanáil don Mholtóir. Fúibhse atá sé, ach dea-chleachtas atá ann áiseanna áitiúla a shonrú, cuir i gcás páirceáil, leithris, etc.

## GRADAIM SPEISIALTA

Bíonn méid áirithe gradaim speisialta sa chomórtas gach bliain. Níl aon dualgas ar ghrúpaí cur isteach ar aon cheann de na gradaim seo ach cuireann siad leis an gcomórtas. Ní bhíonn gradaim speisialta againn sa chomórtas ach amháin má bhíonn siad ag teacht le ceann de na catagóirí moltóireachta, nó níos mó ná sin. Mar sin, ní bheidh ar ghrúpaí tabhairt faoi aon obair bhreise le hiarratas a dhéanamh ar aon cheann de na gradaim speisialta seo. Má bhíonn iarratas á dhéanamh agaibh ar ghradam speisialta, cuirigí an moltóir ar an eolas faoin méid sin faoin gcatagóir chuí. Bíonn spriocdhátaí difriúla i gceist uaireanta do na gradaim seo. Ba chóir breathnú ar shuíomh gréasáin an urraitheora nó ar shuíomh gréasáin chomórtas na mBailte Slachtmhara ar www.tidytowns.ie le tuilleadh sonraí a fháil.

## AN SPRIOCDHÁTA DON CHOMÓRTAS

Coinnígí súil ar an dáta deiridh chun iarratas a dhéanamh ar an gcomórtas. Bígí cinnte ball ainmnithe den Choiste a fháil chun an Fhoirm Iontrála a shíniú. D'fhéadfadh sé nach nglacfaí le hiarratais mhalla nó easnamhacha. Moltar cóipeanna a choinneáil d'aon eolas a chuirtear faoinár mbráid agus cóip a choinneáil d'aon ábhar leictreonach. Ba chóir do ghrúpaí breathnú ar shuíomh gréasáin na mBailte Slachtmhara www.tidytowns.ie lena chinntiú go bhfuil a n-iontráil faighte agus go bhfuil siad cláraithe don chomórtas.

## AONAD AGUS SUÍOMH GRÉASÁIN NA mBAILTE SLACHTMHARA

Is é Aonad na mBailte Slachtmhara sa Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus na Gaeltachta a dhéanann an comórtas seo a riar. Táimid ar fáil más féidir linn cuidiú ar bith a thabhairt. Gheofar sonraí teagmhála aonad na mBailte Slachtmhara ar ár suíomh gréasáin ar an nasc seo: **https://www.tidytowns.ie/ga/contact-us/contact-us/**

Is é **www.tidytowns.ie/ga** suíomh gréasáin comórtas na mBailte Slachtmhara. Is ansin a gheofar tuilleadh eolais faoin gcomórtas, na foirmeacha iontrála reatha, tuairiscí ó mholtóirí ag dul siar go 1995 agus leabhair torthaí an chomórtais ó bhlianta roimhe seo. Tá nuachtlitir na mBailte Slachtmhara, ina dtugtar eolas úsáideach faoi gach gné den chomórtas, ar fáil ar an nasc seo ar an suíomh gréasáin againn: **https://www.tidytowns.ie/about-us/newsletters/**

Tá téarmaí agus coinníollacha an chomórtais ar an suíomh gréasáin.

Ní chuirfimid sonraí aon Choistí de chuid na mBailte Slachtmhara ar aghaidh chuig aon tríú páirtithe go dtí go n-iarrfaimid agus go bhfaighimid bhur gcead i gcomhréir leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS).

Tá súil againn gur cuidiú daoibh an t-ábhar atá sa rannóg seo agus sna rannóga cuí de Lámhleabhar na mBailte Slachtmhara. Mholfaimis do gach grúpa fanacht i dteagmháil leis an gcomórtas. Ina gcás siúd atá ag smaoineamh ar ghrúpa a chur le chéile, dul isteach sa chomórtas den chéad uair nó atá ag filleadh tar éis sosa, mholfaimis dóibhsean eolas a chur ar an gcomórtas.

Thar ceann na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta, agus thar ceann SuperValu, urraitheoirí an chomórtais, is mian linn aitheantas a thabhairt don obair éachtach atá déanta ag grúpaí na mBailte Slachtmhara le blianta fada. Guímid gach rath ar gach duine agaibhse agus ar bhur n-oibrithe deonacha.

SuperValu

Bailte Slachtmhara

Cúram a Dhéanamh den Chomhshaol